# RÁITEAS AGUS POLASAÍ FRITHCHALAOISE

## Réamhrá

Éilíonn Foras na Gaeilge ar gach ball foirne gníomhú go macánta agus go hionraic i gcónaí agus na hacmhainní poiblí as a bhfuil siad freagrach a chosaint. Tá na hacmhainní seo faoi bhagairt calaoise de shíor agus, dá bhrí sin, ní mór go mbeadh sí ina hábhar tosaíochta do gach ball foirne. Is é atá i gceist leis an ráiteas seo ár ndualgais laistigh d'Fhoras na Gaeilge a leagan amach maidir le cosc calaoise.

## Cad is calaois ann?

Úsáidtear an téarma le cur síos ar ghníomhartha amhail cluain, breabaireacht, brionnú, sracadh, gadaíocht, comhcheilg, claonchasadh, mídhilsiú, uiríoll bhréagach, ceilt fíoras ábhartha agus claonpháirtíocht. Ar chuspóirí praiticiúla, féadtar calaois a shainmhíniú mar chluain a úsáid leis an intinn buntáiste a bhreith, dualgas a sheachaint nó bheith mar chúis caillteanais do pháirtí eile.

## Freagrachtaí

Tá an Feidhmeannas freagrach as:

a) rialuithe éifeachtacha a fhorbairt agus a choimeád maidir le calaois a chosc;

b) dianfhiosruithe a dhéanamh a luaithe agus is féidir i gcás calaoise;

c) caingean dlí agus/nó gníomh smachtaithe a dhéanamh in aghaidh lucht déanta calaoise;

d) gníomh smachtaithe a dhéanamh in aghaidh maoirseoirí sa chás go bhfuil baint idir mainneachtana maoirseoireachta agus gníomhú calaoiseach;

e) na rioscaí a aithint maidir le córais agus modhanna imeachta atá faoi lé calaoise;

f) a chinntiú go bhfuil na rialuithe á gcomhlíonadh.

Tá baill foirne aonair freagrach as:

g) gníomhú go cuí maidir le húsáid acmhainní oifigiúla (eolas san áireamh) agus le láimhseáil agus úsáid cistí poiblí bíodh siad bainteach le córais airgid thirim nó íocaíochtaí, sonraisc nó ag plé le conraitheoirí nó soláthróirí;

h) sonraí a thuairisciú láithreach má tá amhras orthu go bhfuil calaois á déanamh nó má fheiceann siad gníomhartha nó eachtraí amhrasacha ar bith.

Is ceart tuairisciú don Bhainisteoir líne, nó sa chás go bhfuil baint aici/aige leis an chás don Phriomhfheidhmeannach nó má tá baint ag an PF leis an chás don Chathaoirleach nó do Chathaoirleach an Choiste Iniúchta.*

**Is ceart an polasaí Sceithireachta a bhreathnú agus an treoir sin a leanúint maidir le sonraí tuairiscithe.**

## Plean Freagairte Calaoise

**Conas a mheasfar eachtra calaoise?**

1. An bhfuil **fianaise** ann go bhfuil caillteanas airgid i gceist don chiste poiblí?
2. An bhfuil na páirtithe soiléir?
3. An bhfuil an modh a úsáideadh le hairgead nó maoin a chúbláil soiléir ?

Samplaí féideartha calaoise:

a) Sonraí bainc míchearta a sholáthair d'aon ghnó le hairgead a chúbláil go cuntas pearsanta
b) Trealamh nó sócmhainn phoiblí a ghoid nó a ghlacadh le húsáid ar bhonn pearsanta
c) Airgead poiblí a bheith caite ar réimse, ábhar nó tionscnamh nach bhfuil ag teacht leis an méid a bhí aontaithe le Foras na Gaeilge

Ba chóir d'oifigigh Fhoras na Gaeilge bheith ag faire amach d'idirghnímh a bhfuil cuma aisteach nó as an ngnáth ag baint leo. Déantar athsheiceáil rialta ar gach eolas a bhaineann le hidirbhirt airgeadais nó sócmhainn ag leibhéal na mball foirne atá ag plé leo.

**Próiseas fiosruithe**

1. Fiosróidh an t-oifigeach a thagann trasna ar an gcalaois fhéideartha an fhianaise atá ar fáil / aimsithe a thugann le fios go soiléir go raibh calaois ann.
2. Cuirfear an fhianaise sin ar fáil do bhall sinsearach cuí – féach thíos maidir leis na gráid éagsúla.
3. An ghnáth-nósmhaireacht gur chóir an chalaois a thuairisciú go díreach chuig na húdaráis chuí a luaithe is atá fianaise shoiléir ar fáil agus breithnithe ag ball foirne sinsearach (i.e. Gárdaí, Ard Reachtaire). I gcásanna tromchúiseacha ba chóir cloí leis an nósmhaireacht seo le maoin phoiblí a chosaint. An PF nó SSC a dhéanfaidh an tuairisciú seo. Má bhaineann an cás leis an bPF/SSC is féidir leis an LPF nó an Cathaoirleach an tuairisciú a dhéanamh.
4. I gcásanna áirithe is féidir go lorgóidh Foras na Gaeilge comhairle dlí, ag brath ar thromchúis agus/nó ábhar na calaoise.
5. Is féidir leis an bPF móide an SSC discréid áirithe a chur san áireamh más cuí ag brath go díreach ar chúinsí, i.e. más léir gur eachtra aon uaire atá i gceist lena mbaineann luach an-íseal (faoi €25) agus nuair a bhí cúinsí cruatain i gceist d'fhéadfaí an rogha a thabhairt don té a rinne an chalaois an t-airgead / sócmhainn a thabhairt ar ais sa chéad dul síos.
6. I gcásanna nach bhfuil fianaise shoiléir ann maidir le calaois ach a bhfuil amhras mór ann gur tharla eachtra calaoise is féidir go mbeidh sé cuí an cheist a ardú go díreach leis an té / na daoine lena mbaineann leis na fíricí a dheimhniú agus chun deis a thabhairt an scéal a mhíniú. An PF nó SSC a dhéanfaidh seo. Má bhaineann an cás leis an bPF/SSC is féidir leis an LPF nó an Cathaoirleach seo a dhéanamh.
7. In éagmais míniú soiléir (m.sh. gur botúin daonna inghlactha a bhí i gceist) leantar leis an nósmhaireacht ag céim 3 thuas.

**Eitic agus Iompar Foirne**

Mar mhaoirseoirí cistí poiblí, ní mór do bhaill foirne bheith thar a bheith ionraic, cuíúil agus macánta agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus gur léir do chách gur mar sin atá.  Ná glacadh baill foirne le bronntanais, aíocht, nó sochair chomhchineáil ó thríú páirtí as a dtuigfí dá bharr gur laige a mbreithiúnas nó a macántacht phearsanta.

Tá sé de rún ag Foras na Gaeilge tástáileacha tráthrialta a eagrú leis an sainriosca calaoise a mheas i réimsí éagsúla dár ngnó.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an pholasaí seo.
Dáta athbhreithnithe : DF 2023
Céad athbhreithniú eile : DF 2024